

RURAL PACT

# Dearbhú maidir le todhchaí na gceantar tuaithe agus maidir le todhchaí beartais forbartha tuaithe san Aontas Eorpach

Nollaig 2024

## Clár


**Brollach** ____ 1

**1. Is ábhar imní don sochaí ina hiomláine í todhchaí na gceantar tuaithe** ____ 2

**2. Tá freagairtí práinneacha de dhíth i leith dúshláin tuaithe** ____ 3

**3. Leis an mbeartas forbartha tuaithe a bheidh ann amach anseo, ní mór aird a thabhairt ar riachtanais na gceantar tuaithe ar bhealach níos dáiríre** ____ 4

**4. Straitéis nithiúil a dhéanamh den fhís fhadtéarmach le haghaidh ceantar tuaithe, agus samhail an Chomhshocraithe um an Tuath a bhaint amach** ____ 5

**5. Acmhainneacht áitiúil a thógáil agus úinéireacht áitiúil a chruthú** ____ 6

**6. Faireachán a fheabhsú ar chaiteachas an Aontais ar cheantair thuaithe** ____ 7


A mhéid is féidir, is de chomhthoil a ghlacfaidh an grúpa a thuairimí, a mholtaí nó a thuarascálacha. I gcás vóta, cinnfear toradh na vótála trí thromlach simplí de na comhaltaí. Na comhaltaí a chaith vóta freasúra nó a staon ó vótáil, beidh sé de cheart acu go gcuirfí i gceangal leis na tuairimí, na moltaí nó na tuarascálacha doiciméad lena ndéanfaí achoimre ar na cúiseanna lena seasamh.

*Is le Grúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath amháin na tuairimí a chuirfear in iúl agus níor cheart a bhreithniú gur léiriú iad ar sheasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.*

## Brollach

Is tionscnamh é an Comhshocrú um an Tuath a bhí beartaithe sa Teachtaireacht maidir leis an bhfís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais chun comhar a fhorbairt idir na leibhéil éagsúla rialachais agus le páirtithe leasmhara. Is próiseas rialachais il-leibhéil ón mbun aníos é an Comhshocrú um an Tuath ina ngníomhaíonn an Coimisiún Eorpach mar éascaitheoir.

Bunaíodh Grúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath mar ghrúpa speisialta de chuid an Choimisiúin chun an Comhshocrú um an Tuath a fhorbairt a thuilleadh agus chun próiseas an Chomhshocraithe a stiúradh. Mar chomhaltaí[1] Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath, aithnímid an géarghá atá le hidirghabháil spriocdhírithe agus le nuálaíocht bheartais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla a eascraíonn as laghdú daonra, as an aistriú glas, as an aistriú digiteach agus as aistrithe eile, agus as an meath eacnamaíoch i réigiúin thuaithe. Ba cheart a aithint agus a léiriú i mbainistiú chistí agus bheartais an Aontais go bhfuil rath na bpobal tuaithe criticiúil, ní hamháin do mhuintir na tuaithe, ach do dhea-bhail choiteann eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta an Aontais ina iomláine.

Is í an aidhm chomhchoiteann atá againn pobail tuaithe bhríomhara athléimneacha a chruthú ar féidir leo cur le hathruithe inbhuanaithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá an Dearbhú seo forbartha go comhpháirteach againne, comhaltaí Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath, mar fhreagairt ar na naoi gceist a leagtar amach sa doiciméad dar teideal 'Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais: na nithe is mó atá bainte amach agus na bealaí chun tosaigh', agus ghlacamar[2] an Dearbhú an 12 Nollaig 2024.


Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach

# 1. Is ábhar imní don sochaí ina hiomláine í todhchaí na gceantar tuaithe

## 1.1 Braitheann dea-bhail eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais go mór ar cheantair thuaithe

Tá ról ríthábhachtach ag pobail tuaithe i ngeilleagar an Aontais. Bíonn rath ar earnálacha amhail talmhaíocht agus táirgeadh bia inbhuanaithe, foraoiseacht, iascaireacht, agus fuinneamh in-athnuaite sna ceantair sin, agus tacaíonn siad sin le slándáil bia, bainistíocht acmhainní, agus straitéisí fuinnimh (go háirithe fuinneamh glas).

Ina theannta sin, tá ceantair thuaithe á n-athrú ina moil le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha, mar shampla agrathurasóireacht, éiceathurasóireacht, agus gnólachtaí digiteacha. Cuireann na pobail sin go mór le creatlach shóisialta an Aontais trí stíl mhaireachtála ar leith a chur ar fáil ina mbíonn tuilleadh spáis agus ceangail idirphearsanta níos dlúithe laistigh de phobail áitiúla.

Thairis sin, i gceantair thuaithe, caomhnaítear traidisiúin áitiúla agus oidhreacht chultúrtha, rud a dhéanann éagsúlacht chultúrtha a chothú, daoine nua agus imircigh a lánpháirtiú, agus an tslándáil i réigiúin teorann a neartú.

## 1.2 Tá ceantair thuaithe an Aontais Eorpaigh ríthábhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide

Tá ról lárnach ag réigiúin thuaithe maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus maidir le hoiriúnú do na tionchair a bhaineann leis freisin. Déantar na nithe seo a leanas iontu: táirgeadh bia inbhuanaithe, bainistíocht foraoisí agus talún talmhaíochta, táirgeadh fuinnimh inbhuanaithe, caomhnú gnáthóige nádúrtha agus soláthar seirbhísí éiceachórais (go háirithe in éiceachórais leochaileacha amhail sléibhte agus oileáin).

Braitheann rath na straitéisí aeráide go mór ar an mbealach a gcumhachtaítear pobail tuaithe go héifeachtach chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh, athléimneacht a neartú, agus cur leis an gcomhrac domhanda i gcoinne an athraithe aeráide.

## 1.3. Níor cheart saothrú a dhéanamh ar acmhainní tuaithe agus ní mór iad a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe

Cé go mbíonn sócmhainní luachmhara nádúrtha, cultúrtha agus eacnamaíocha ag ceantair thuaithe, níor cheart saothrú a dhéanamh orthu nó ró-úsáid a bhaint astu, ach ba cheart caitheamh leo ar bhealach a gcuireann inbhuanaitheacht fhadtéarmach san áireamh. Mar shampla, ba cheart tionscadail fuinnimh in-athnuaite, cuir i gcás tuirbíní gaoithe i gceantair shléibhe, a chomhtháthú go cáiréiseach chun cothromaíocht a bhaint amach idir tionchair chomhshaoil agus leasanna pobail áitiúla, rud a chinnteoidh go ndéanfar leas do na daoine a chónaíonn ann.

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart turasóireacht a bhainistiú go cúramach chun tírdhreacha tuaithe a chosaint agus chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú gan brú a chur ar éiceachórais áitiúla. Ina theannta sin, tá cleachtais bhainistíochta fhreagracha ag teastáil i leith acmhainní ithreach agus uisce chun cosc a chur ar dhíghrádú agus chun inmharthanacht na n-acmhainní sin a chinntiú do na glúnta atá le teacht.

## 1.4. Ba cheart forbairt tuaithe inbhuanaithe a chur chun cinn ar bhealach níos spriocdhírithe le beartais an Aontais

Ba cheart cuimsitheacht agus forbairt tuaithe inbhuanaithe a chur chun cinn le beartais an Aontais, mar shampla infheistíochtaí i mbonneagar, cleachtais inbhuanaithe, agus earnálacha eacnamaíocha áitiúla nua (cuir i gcás geilleagar lúbiata, fuinneamh dáilte bunaithe ar phobal fuinnimh in-athnuaite, geilleagar atá dírithe ar an bpobal agus ar an tsochaí agus digitiú).

Ba cheart a chinntiú le beartais an Aontais gur féidir le pobail tuaithe agus leis na daoine a chónaíonn iontu, cuir i gcás rialtais áitiúla, eagraíocht sochaí sibhialta, agus eintitis phríobháideacha (mar shampla gnólachtaí tuaithe), cur go dearfach le todhchaí an Aontais ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.

# 2. Tá freagairtí práinneacha de dhíth i leith dúshláin tuaithe

## 2.1. Bíonn ar cheantair thuaithe dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha agus meath eacnamaíoch

Tá an daonra i gceantar thuaithe ag laghdú faoi láthair agus tá an daonra sna ceantair sin ag dul in aois. Meath eacnamaíoch agus laghdú seirbhísí, chomh maith le heaspa rochtana ar sheirbhísí (mar shampla inrochtaineacht i gceantair thuaithe agus roghanna soghluaisteachta leordhóthanacha agus inacmhainne, seirbhísí oideachais agus cúraim sláinte), easpa tithíochta agus easpa rochtana ar thalamh, cuireann siad sin uile dlús le himirce amach, go háirithe imirce amach daoine óga.

Tá pobail tuaithe á lagú a thuilleadh agus tá dúshláin dhéimeagrafacha á ndéanamh níos measa de dheasca ganntanais lucht saothair agus easpa deiseanna poist ardcháilíochta, agus dúnadh gnólachtaí (agus siopaí áitiúla san áireamh).

## 2.2. Is gá do phobail tuaithe nuáil a dhéanamh chun iad féin a oiriúnú don aistriú digiteach, don aistriú glas, agus don aistriú eacnamaíoch

Tá dúshláin ar leith roimh phobail tuaithe maidir le hoiriúnú don aistriú digiteach, don aistriú glas, agus don aistriú eacnamaíoch. Is práinneach an gá le hinfheistíochtaí nach beag i mbonneagar agus nuálaíocht a sheasfaidh an aimsir (agus nuálaíochtaí teicneolaíochta, sóisialta, gnó agus rialachais san áireamh) chun a chinntiú nach bhfágfar ceantair thuaithe ar lár sna hathruithe sin.

## 2.3. Bíonn cineálacha difriúla dúshlán roimh chineálacha difriúla ceantar agus tá freagairtí spriocdhírithe de dhíth ina leith

Ní mór a aithint go gcuirtear deiseanna difriúla ar fáil i gcineálacha éagsúla ceantar tuaithe (e.g. ceantair shléibhtiúla, oileáin, réigiúin iargúlta agus na réigiúin is forimeallaí, agus réigiúin teorann), agus go mbíonn cineálacha difriúla dúshlán rompu a dteastaíonn freagairtí beartais agus idirghabhálacha caolchúiseacha ina leith, mar a chuirtear i dtábhacht faoi Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cuir i gcás: tá an fad ó lárionaid uirbeacha agus na naisc uirbeacha-tuaithe i measc na bpríomhnithe a bhreithnítear; bíonn riachtanais shonracha ag ceantair shléibhtiúla mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le hinrochtaineacht agus rochtain ar sheirbhísí; bíonn ar na réigiún is forimeallaí aghaidh a thabhairt freisin ar shrianta suntasacha atá ceangailte le raon feidhme críochach teoranta, oileánachas agus leithlisiú na réigiún sin, agus na costais a eascraíonn as na faid shuntasacha chuig margaí móra; agus is minic a bhíonn réigiúin teorann go háirithe neamhchosanta ar shaincheisteanna slándála, ar mheath eacnamaíoch agus ar theannas geopholaitiúil.

## 2.4. Cuireann srianta acmhainneachta teorainn le cumas pobal tuaithe gníomh a dhéanamh agus rochtain a fháil ar mhaoiniú

Is minic a bhíonn ar phobail tuaithe dul i ngleic le srianta acmhainneachta nach beag, rud a dhéantar níos measa fós de dheasca athraithe déimeagrafaigh, go háirithe agus daoine óga agus daoine a bhfuil oideachas orthu ag imeacht. Thairis sin, braitheann pobail tuaithe go mór ar obair dheonach agus ar eagraíochtaí sochaí sibhialta a bhfuil tacaíocht níos láidre agus tuilleadh aitheantais ag teastáil uathu araon.

De dheasca srianta acmhainneachta, cuirtear bac ar chumas pobal tuaithe maoiniú a fháil agus pleanáil go héifeachtach don todhchaí. Is minic nach mbíonn maoiniú spriocdhírithe ag réigiúin tuaithe, agus fiú nuair a bhíonn an maoiniú ar fáil, cuireann bacainní maorlathacha – mar shampla nósanna imeachta ró-chasta – srian le húsáid éifeachtach an mhaoinithe sin. D'ainneoin na mbuanna agus an dea-theist chruthaithe a bhaineann le Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail, tá sí tearcmhaoinithe agus tearcúsáidte go mór faoi láthair.

RURAL PACT

# 3. Leis an mbeartas forbartha tuaithe a bheidh ann amach anseo, ní mór aird a thabhairt ar riachtanais na gceantar tuaithe ar bhealach níos dáiríre

## 3.1. Tacaíocht ilbheartais agus ilmhaoinithe a neartú le haghaidh ceantar tuaithe, agus promhadh leas na tuaithe san áireamh

Leis an mbeartas forbartha tuaithe, ba cheart cur chuige iomlánaíoch comhtháite beartais a leanúint, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé promhadh leas na tuaithe a dhéanamh ar bheartais éagsúla. Ní mór níos mó a bheith i gceist le coincheap phromhadh leas na tuaithe, lena ndéantar *"beartais a athbhreithniú agus an tuath á cur san áireamh, chun na beartais sin a oiriúnú dóibh siúd a cónaíonn agus a oibríonn i gceantair thuaithe"*[3], ná prionsabal teibí, agus ní mór é a neartú trí rialacháin, nósanna imeachta agus treoraíocht chuimsitheach mhodheolaíochta ábhartha.

Ba cheart maoiniú le haghaidh beartas forbartha tuaithe teacht ó mheascán foinsí, idir foinsí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Tá iarracht chomhordaithe ar fud bheartais agus chistí éagsúla an Aontais agus sruthanna maoinithe eile riachtanach chun a chinntiú go bhfaighidh pobail tuaithe na hacmhainní atá ag teastáil uathu. Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag páirtithe leasmhara tuaithe le ceapadh beartas ábhartha.

## 3.2. Cuir chuige áitbhunaithe faoi stiúir an phobail a neartú, ar nós LEADER/Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail agus Sráidbhailte Cliste

Ba cheart Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail a úsáid ar bhealach níos leithne mar chur chuige lárnach chun riachtanais a aithint, pleananna agus straitéisí áitiúla a fhorbairt, tionscadail áitiúla a phleanáil agus a chur chun feidhme, agus cistí a dháileadh. Is cur chuige ó bhun aníos le haghaidh forbairt áitiúil agus réigiúnach í Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail, ina mbíonn pobail áitiúla ar thús cadhnaíochta maidir lena riachtanais forbartha a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, cuir i gcás cinnteoireacht áitiúil (mar shampla Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla), rannpháirtíocht an phobail agus cur chuige ilmhaoinithe.

Fágann sé sin gur féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais limistéarbhunaithe ar bhealach níos spriocdhírithe. Is é LEADER an príomh-mhodh 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail' a úsáideadh go rathúil i gceantair thuaithe ar feadh na mblianta fada, agus cé go bhfuil 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail' ilmhaoinithe curtha chun cinn go mór i gceantair thuaithe agus neamhthuaithe, níor ghlacadh léi go fairsing sna Ballstáit.

Le déanaí, tá cuir chuige eile faoi stiúir an phobail tar éis teacht chun cinn, go háirithe Sráidbhailte Cliste. Is é is aidhm do Shráidbhailte Cliste athléimneacht pobal tuaithe a neartú trí nuálaíocht theicneolaíoch agus shóisialta a chothú ar an leibhéal áitiúil, ar leibhéal an cheantair thuaithe, agus prionsabail 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail' á leanúint acu (i.e. tionscnaimh chliste nuálacha a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach rannpháirtíochta iomlánaíoch faoi stiúir an phobail).

## 3.3. Na naisc idir tacaíocht an Aontais agus gluaiseachtaí tuaithe a neartú

Le cois ionstraimí foirmiúla 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail an Aontais', tá gréasán láidir nascachta ann i measc na sochaí sibhialta ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnach, agus Eorpach, cuir i gcás raon leathan grúpaí áitiúla, comhlachais sráidbhaile agus réigiúnacha, iontaobhais forbartha, fiontair shóisialta, comhairlí pobail, comhpháirtíochtaí áitiúla agus tuilleadh nach iad.

Tá traidisiún fada ag roinnt mhaith de na 'gluaiseachtaí tuaithe' sin (a théann siar breis agus 50 bliain) agus d'fhorbair siad córas parlaimintí tuaithe ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach chun ardán a thabhairt do phobail tuaithe agus chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí áitiúla. Ba cheart maoiniú le haghaidh na líonraí sin – a thagann ó rialtais réigiúnacha nó náisiúnta agus ó ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den chuid is mó – a chomhlánú le maoiniú Eorpach chun acmhainneacht chriticiúil na líonraí sin a choinneáil ar bun.

## 3.4. A chinntiú go gcloisfear na guthanna agus feabhas a chur ar ionadaíocht leasa ceantar tuaithe i gceapadh beartas

Cibé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh an tAontas cur chuige ciste aonair nó cur chuige ilchiste le haghaidh beartas agus clár faoi bhainistíocht chomhroinnte amach anseo, níl sé leordhóthanach a thuilleadh é ar fad a fhágáil faoi rogha na mBallstát cén sciar de mhaoiniú an Aontais a chuirfear ar fáil chun críocha forbartha tuaithe.

Cé go bhfuil ceantair thuaithe ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe na hEorpa agus go bhfuil siad i gcroílár gníomhaíochtaí ar son na haeráide, tá ionadaíocht leasa ceantar agus pobal tuaithe – seachas maidir le cúrsaí talmhaíochta – lag go leor i gcomparáid le leasanna earnála agus críche (e.g. leasanna uirbeacha) eile. Dá réir sin, níl aitheantas leordhóthanach faighte ag ceantair thuaithe agus ag pobail tuaithe maidir le beartais agus maoiniú.

### 3.5. Sainordú a thabhairt do na Ballstáit sciar íosta de mhaoiniú a leithdháileadh le haghaidh forbairt tuaithe

I gcomhréir le prionsabail phromhadh leas na tuaithe, molann Grúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath gealltanas daingean agus ceanglais shoiléire ó leibhéal an Aontais i leith na mBallstát. Dá réir sin, ní mór céatadán éigeantach de *mhaoiniú iomlán an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil, go háirithe an Beartas Comhtháthaithe agus cistí CBT* (e.g. 30 % ar a laghad), a leithdháileadh do cheantair thuaithe agus do phobail tuaithe le haghaidh forbairt tuaithe nach mbaineann le talmhaíocht.

### 3.6. Leithdháileadh íosta cistí níos airde trí chur chuige 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail' a dhéanamh éigeantach

Níl an leithdháileadh 5 % atá ann faoi láthair trí Fhorbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail leordhóthanach a thuilleadh. Ba cheart sciar éigeantach de mhaoiniú atá spriocdhírithe ar fhorbairt tuaithe (e.g. 10 % ar a laghad) a leithdháileadh trí shásraí áitbhunaithe 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail' (ar nós LEADER agus Sráidbhailte Cliste) chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá ag pobail áitiúla chun a bhforbairt féin a chur chun cinn.

### 3.7. Clár agus ciste tiomnaithe le haghaidh forbairt tuaithe a bhreithniú mar réiteach malartach

Creidimid go bhfuil gá le leithdháileadh íosta éigeantach mhaoiniú an Aontais le haghaidh forbairt tuaithe (beag beann ar an gcás deiridh beartais agus cistithe), mar a leagtar amach i bPointe 3.5. Mura féidir é sin a dhéanamh, áfach, ba cheart Ciste Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (CEFT) agus clár tiomnaithe a bhunú agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh (e.g. 30 % de chistí uile an Aontais ar a laghad – féach Pointe 3.5).

Leis an gcur chuige sin, thabharfaí aird níos mó ar shaincheisteanna tuaithe maidir le beartais an Aontais agus chinnteofaí go mbeadh maoiniú níos fearr ar fáil do phobail tuaithe. Thairis sin, ba cheart tacaíocht airgeadais níos mó a thabhairt do thionscnaimh 'Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail', laistigh de CEFT freisin, dá roghnófaí é sin a dhéanamh.

### 3.8. Solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit maidir le tosaíochtaí agus straitéisí forbartha tuaithe a shainiú

Cé gur cheart an leithdháileadh forbartha tuaithe a bheith éigeantach, tá solúbthacht ríthábhachtach chun na Ballstáit a chumasú cuspóirí sonracha a mhaoiniú atá saincheaptha dá straitéisí forbartha tuaithe agus atá ailínithe leis an gcreat agus le tosaíochtaí níos leithne arna leagan amach ag an Aontas. Tá sé fíor-riachtanach samhail mhaoinithe a bheith ann atá bunaithe ar riachtanais agus dírithe ar thorthaí, lena léirítear na riachtanais éagsúla atá ag ceantair thuaithe agus uirbeacha.

## 4. Straitéis nithiúil a dhéanamh den fhís fhadtéarmach le haghaidh ceantar tuaithe, agus samhail an Chomhshocraithe um an Tuath a bhaint amach

### 4.1. Straitéisí Forbartha Tuaithe a dhéanamh den fhís fhadtéarmach tuaithe ar gach leibhéal

Ní mór straitéisí nithiúla a dhéanamh d'fhís fhadtéarmach an Aontais le haghaidh ceantar tuaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit straitéisí forbartha tuaithe náisiúnta (agus réigiúnacha) a fhorbairt a bheadh i gcomhréir le tosaíochtaí coiteanna an Aontais a leagtar amach i ndoiciméid straitéiseacha, mar shampla Fís Fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais, an Comhaontú Glas don Eoraip, agus an Deacáid Dhigiteach.

Ní mór straitéisí a cheapadh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara tuaithe, cuir i gcás ar an leibhéal áitiúil, chun a chinntiú go gcuirtear tosaíochtaí agus riachtanais áitiúla san áireamh iontu go leordhóthanach.

### 4.2. Samhail an Comhshocraithe um an Tuath a chruthú trí chomhordú agus struchtúir láidre idirinstitiúideacha

Ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ba cheart iarrachtaí forbartha tuaithe a chomhordú trí chreataí institiúideacha tiomnaithe lena gcinnteofaí comhordú cothrománach agus ingearach. Ba cheart na prionsabail agus na sásraí a leagtar amach i bhfoilseachán an Chomhshocraithe um an Tuath faoin teideal '[An Comhshocrú um an Tuath a chur i ngníomh sna Ballstáit]' a leanúint.

RURAL PACT

Is féidir le comhaltaí ainmnithe de chuid rialtais náisiúnta agus rialtais réigiúnacha agus le grúpaí comhordaithe idir-aireachta éigeantacha comhleanúnachas beartais a chinntiú agus cur le promhadh leas na tuaithe atá éifeachtach. Bheadh na sásraí sin ina gcoinníoll chun rochtain a fháil ar an sciar den mhaoiniú a bhaineann le forbairt tuaithe.

Ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh Ard-Stiúrthóireacht thiomnaithe le haghaidh Forbairt Tuaithe (AS RURAL) uaillmhianta agus iarrachtaí forbartha tuaithe a chuíchóiriú agus a chomhordú. Thairis sin, ba cheart an comhoibriú agus an comhordú a neartú idir Ard-Stiúrthóireachtaí ábhartha (AS AGRI, AS REGIO, b'fhéidir AS RURAL a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus Ard-Stiúrthóireachtaí ábhartha eile).

### 4.3. Acmhainneacht a thógáil le haghaidh Údaráis Bhainistíochta i bhforbairt tuaithe agus promhadh leas na tuaithe

Ba cheart promhadh leas na tuaithe a chomhtháthú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe ag an gcéim réamhreachtach agus ag an gcéim iar-reachtach. Ní mór oiliúint a chur ar údaráis bhainistíochta agus ar phríomheagraíochtaí beartais eile maidir le forbairt tuaithe agus promhadh leas na tuaithe chun cur chun feidhme éifeachtach beartais a chinntiú. Tá saineolas teicniúil agus tógáil acmhainneachta fíor-riachtanach chun tacú leis na húdaráis sin agus iad ag bainistiú straitéisí tuaithe.

## 5. Acmhainneacht áitiúil a thógáil agus úinéireacht áitiúil a chruthú

### 5.1. Acmhainneacht a láidriú ag an leibhéal áitiúil trí thacaíocht theicniúil agus maoiniú tiomnaithe

Ba cheart tacaíocht theicniúil a thabhairt do phobail tuaithe, go háirithe pobail bheaga atá srianta ó thaobh acmhainní de, chun smaointí tionscadail a fhorbairt agus chun dul i ngleic le hiarratais mhaoinithe. Is féidir é sin a éascú trí Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla, líonraí tuaithe náisiúnta, agus trí líonra Eorpacha tiomnaithe (agus líonraí bardas tuaithe san áireamh).

Ba cheart cistí leordhóthanach de chuid an Aontais a leithdháileadh le haghaidh líonrú ag leibhéal an Aontais, tacaíochta teicniúla agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin chun acmhainneacht a thógáil agus chun gur féidir taithí a mhalartú ag leibhéal an Aontais (ach le críocha tuaithe i dtíortha lasmuigh den Aontas freisin).

### 5.2. Solúbthacht a éascú sna próisis iarratais le haghaidh tairbhithe áitiúla

Ba cheart níos mó solúbthachta agus oscailteacht maidir le tástáil a chomhtháthú sa phróiseas iarratais. Dá simpleofaí rialacha airgeadais trí íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí a thabhairt isteach agus trí Roghanna Costas Simplithe (mar shampla costais aonaid agus cnapshuimeanna) a úsáid ar bhealach níos forleithne, chuideofaí leis an ualach ar thionscadail níos lú a laghdú. Tá maoiniú feidhmíochtbhunaithe agus córais tuairiscithe airgeadais chuíchóirithe fíor-riachtanach chun tacú le tionscnaimh atá faoi stiúir an phobail.

### 5.3. Síolmhaoiniú a chur ar fáil le haghaidh ullmhú tionscadail agus forbairt smaointí

Tá síolmhaoiniú – mar shampla, le haghaidh forbairt smaointí, scríobh tionscadal, agus ullmhúcháin – agus acmhainní spreagtha criticiúil ag na luathchéimeanna de thionscnaimh agus thionscadail. Le cuir chuige nua ar nós cur chun cinn tionscadal, d'fhéadfaí tograí foirmiúla i scríbhinn a chomhlánú, rud a thabharfadh deis níos fearr do thairbhithe a bhfuil níos lú taithí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú.

### 5.4. Tacú le pobail tuaithe maidir le nuálaíocht agus malartú idirnáisiúnta

Tá sé ríthábhachtach tacú le nuálaíocht ó chéim na smaointí ar aghaidh chun réitigh chruthaitheacha a chothú i bpobail tuaithe. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar ghníomhaithe níos lú a chumasú chun páirt a ghlacadh i dtionscadail nuálaíochta agus i gcomhair trasteorann. Ba cheart tacaíocht theicniúil a thabhairt do phobail bheaga tuaithe agus ba cheart rochtain dhíreach níos fearr a bheith acu ar chláir an Aontais atá faoi bhainistíocht dhíreach, cuir i gcás Fís Eorpach agus Interreg.

# 6. Faireachán a fheabhsú ar chaiteachas an Aontais ar cheantair thuaithe

## 6.1. Cur leis na creataí faireacháin agus sonraí atá ann cheana, agus cuimhneamh ar ghnéithe cáilíochtúla

Le sonraí (mar shampla na sonraí a bhailítear agus a chuirtear i láthair tríd an bhFaireachlann um an Tuath) ba cheart feabhas a chur ar ceapadh beartas fianaisebhunaithe. Ba cheart leas a bhaint as bailiú sonraí agus creataí faireacháin atá ann faoi láthair, ag díriú ar tháscairí tábhachtacha eacnamaíocha agus sóisialta lena gcuirtear léargais luachmhara ar fáil faoi dhea-bhail pobal tuaithe.

Sa bhreis ar shonraí cainníochtúla, ba cheart táscairí cáilíochtúla a chomhtháthú sa chóras faireacháin, ar táscairí iad lena léirítear sochair dholáimhsithe mar shampla caipiteal sóisialta agus comhtháthú pobail. Thairis sin, ba cheart inbhuanaitheacht fhadtéarmach (i.e. torthaí agus tionchar tar éis fhad na dtionscadal a dtacaítear leo) a chur san áireamh sa bhailiú sonraí.

## 6.2. Faireachán a dhéanamh ar chaiteachas an Aontais de réir earnálacha agus cineálacha críche

Ba cheart cistí an Aontais a chlibeáil de réir earnála agus críche chun cur le tuiscint níos fearr ar an sciar de mhaoiniú a leithdháiltear ar cheantair thuaithe, chun a chinntiú go bhfaighidh na ceantair sin sciar cothrom d'acmhainní. Ba cheart clibeáil de réir críche sainghnéithe ceantar tuaithe a chur san áireamh (féach Pointe 2.3), go háirithe ceantair ar gá aird ar leith a thabhairt orthu (e.g. sléibhte, oileáin, réigiúin teorann agus na réigiúin is forimeallaí).

Leis an gcur chuige sin, cuidítear le cásanna ina dtéann maoiniú chun tairbhe go díréireach do chríocha tuaithe a bhfuil acmhainneacht níos airde acu. Le cur chur chun feidhme córas clibeála den chineál sin, beifear in ann faireachán níos éifeachtaí a dhéanamh ar leithdháileadh maoinithe agus cinnteofar go mbainfear spriocanna forbartha tuaithe amach.

## 6.3. Táscairí SMART a fhorbairt le haghaidh tionscadail áitiúla

Ba cheart sraith táscairí SMART (táscairí atá Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Réalaíoch agus Faoi Cheangal Ama) a fhorbairt le haghaidh tionscadal áitiúil. Trí thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara tuaithe maidir leis na táscairí sin a thomhas, chinnteofaí comhsheasmhacht i meastóireacht tionscadail. Ba cheart é sin a bhaint amach áfach gan ualach riaracháin díréireach a chur ar pháirtithe leasmhara áitiúla/ar thairbhithe tionscadail le haghaidh bailiú sonraí.

---

1 Ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha, eagraíochtaí an tsochaí sibhialta, eagraíochtaí gnó, agus eagraíochtaí údaráis phoiblí; ionadaithe an tsaoil acadúil agus eagraíochtaí taighde; ionadaithe tofa na trí líonra i ngrúpa stiúrtha Pharlaimint Eorpach na Tuaithe (ELARD, ERCA, PREPARE); Parlaimint na hEorpa (COMAGRI agus COMREGI) a ndéanann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ionadaíocht di, Coiste na Réigiún (NAT agus COTER) a ndéanann a gcomhaltaí (údaráis áitiúla agus réigiúnacha) ionadaíocht dó agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (NAT agus ECO) a ndéanann a gcomhaltaí ionadaíocht dó; trí Bhallstát – ionadaithe na dtrí Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh – dhá ionadaí in aghaidh gach Ballstáit, ionadaí amháin freagrach as forbairt tuaithe agus ionadaí eile freagrach as comhtháthú críochach.

2 Is de chomhthoil a ghlacann Grúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath a chuid tuairimí, moltaí nó tuarascálacha (trí thromlach simplí). Tá an Dearbhú atá ann faoi láthair glactha ag 29 de na 31 chomhalta de Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe um an Tuath.

3 https://rural-vision.europa.eu/action-plan/cross-cutting/rural-proofing_en?prefLang=ga&etrans=ga



**Glac páirt i gComhphobal agus ardán ar líne an Chomhshocraithe um an Tuath**
https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/become-member_en?etrans=ga


ruralpact.rural-vision.europa.eu/index_en?etrans=ga

info@rural-pact.eu



Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024


© An tAontas Eorpach, 2024. CC-BY 4.0


Grianghraf clúdaigh: ©Flickr
Is tionscadal í Oifig Tacaíochta an Chomhshocraithe um an Tuath arna cur chun feidhme ag

aeidl

PRINT ISBN 978-92-68-24270-4 doi:10.2762/9185656 KF-01-25-002-GA-C
PDF ISBN 978-92-68-24269-8 doi:10.2762/9030081 KF-01-25-002-GA-N

Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach